



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Athchumrú Scoileanna ar mhaithe leis an Éagsúlacht

Aistriú Pátrúnachta Bunscoileanna – Faisnéis do  
Phobail Scoile

Márta 2022

Leagan 1.0 – 10 Márta 2022

## Clár Ábhar

1. Réamhrá.....	1
2. Treoirphrionsabail.....	4
<b>A. Faisnéis do Thuismitheoirí/Caomhnóirí, do Dhaltaí agus don Phobal Scoile agus Ceisteanna Coitianta.....</b>	<b>5</b>
<b>B. Faisnéis d'Údaráis Scoile .....</b>	<b>14</b>
1. An Pátrún .....	14
2. An Bord Bainistíochta .....	22
3. Socruithe le haghaidh Baill Foirne Scoile .....	25
3. Tuilleadh Faisnéise.....	30
➤ Aguisín A.....	31

## 1. Réamhrá

### Maidir leis an Doiciméad seo

Leagtar amach sa doiciméad seo roinnt faisnéise ginearálta praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach

- Do thuismitheoirí/caomhnóirí<sup>1</sup>, do dhaltáí agus do phobail scoile, agus
  - D'údaráis scoile agus do bhaill foirne scoile
- i gcás go mbeidh athchumrú/aistriú pátrúnachta scoile á bhreithniú nó á chur chun feidhme.

Tá sé beartaithe gur doiciméad beo a bheidh sa phaca faisnéise seo agus go gcuirfear leis, go bhforbrófar é tuilleadh agus go nuashonrófar é ó am go chéile.

Tá sé mar aidhm leis an doiciméad seo faisnéis a thabhairt faoin bpróiseas um aistriú pátrúnachta, chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a fuair an Roinn ó thuismitheoirí agus ó dhaoine eile agus chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag pobail scoile a bhfuil spéis acu in aistriú pátrúnachta. Is féidir, áfach, go mbeidh agat ceisteanna nach bhfuil freagra tugtha orthu sa phaca seo. Sa chás sin, seol an cheist le ríomhphost chuig an Roinn Oideachais ag [reconfiguration@education.gov.ie](mailto:reconfiguration@education.gov.ie)

Tá an doiciméad seo tugtha chun críocha faisnéise amháin agus ní thugtar aon chomhairle dlí ann.

### Bunscoileanna agus Athchumrú

Áirítear leis an earnáil bunoidreachais bunscoileanna Státchistithe, scoileanna speisialta agus bunscoileanna príobháideacha. Áirítear le bunscoileanna Státchistithe scoileanna reiligiúnacha (sainchreidmheacha), scoileanna il-sainchreidmheacha agus scoileanna idir-shainchreidmheacha. Is scoileanna lán-Bhéarla nó scoileanna lán-Ghaeilge iad bunscoileanna. Tá pátrún scoile nó pátrúin scoile ag gach scoil.

Ar chúiseanna stairiúla, is scoileanna paróiste Státchabhairithe atá i bhformhór na mbunscoileanna, agus an tEaspag áitiúil mar phátrún acu. Bíonn an patrún sin ag athrú, áfach.

Is é an aidhm atá leis an bpróiseas um Athchumrú Scoileanna ar mhaithe leis an Éagsúlacht, lena dtacaítear le haistrithe scoileanna chuig pátrúin il-sainchreidmheacha mar fhreagairt do mhianta na bpobal scoile, ná an fháil ar scoileanna il-sainchreidmheacha a mhéadú ar fud na tíre. Faoin bpróiseas um Athchumrú, athraíonn scoileanna atá ann cheana a bpátrún. Tugtar aistriú pátrúnachta air sin. Is féidir go mbeidh athrú éitis i gceist le haistrithe pátrúnachta freisin (mar shampla, athrú ó éiteas sainchreidmheach (reiligiúnach) go héiteas il-sainchreidmheach).

I gcás go mbeidh scoil ag aistriú ó phátrún amháin go pátrún eile, coinneofar an scoil ar oscailt (agus beidh an uimhir rolla chéanna aici agus oibreoidh sí amach ón réadmhaoin scoile chéanna) agus fanfaidh baill foirne agus daltaí mar a bhfuil siad.

---

<sup>1</sup> Ba cheart aon tagairtí do “thuismitheoirí” sa phaca faisnéise seo a léirmhíniú mar thagairtí do “chaomhnóirí” freisin.

Tá an pátrún scoile freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le haon aistriú pátrúnachta. Féadfaidh aon scoil pátrúnacht a aistriú. Mar shampla, féadfaidh pátrún scoile pátrúnacht scoile sainchreidmí (reiligiúnaí) a aistriú chuig pátrún il-sainchreidmheach. Samplaí de na comhlachtaí pátrúnachta il-sainchreidmí is mó is ea Boird Oideachais agus Oiliúna, Oideachas Le Chéile agus an Foras Pátrúnachta. Is é beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, ná aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféadfar athrú a dhéanamh ach amháin i gcás go bhfaighfear comhaontú ón bpátrún amach toisc gurb amhlaidh, faoin Acht Oideachais, 1998, gur ar an bpátrún reatha scoile ar an gcéad ásc atá an fhreagracht dhlíthiúil as an athrú a dhéanamh. Maidir le haon phobal scoile atá ag iarraidh pátrúnacht a aistriú, ba cheart dó teagmháil dhíreach a dhéanamh lena phátrún scoile.

D'athraigh roinnt scoileanna pátrúnacht le blianta beaga anuas. Chuaigh na pobail scoile sin i dteagmháil lena bpátrún.

Tá an Roinn agus Comhairle Oideachais Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann (a dhéanann ionadaíocht do na pátrúin Chaitliceacha) i dteagmháil lena chéile le tamall anuas chun an próiseas um athchumrú a chur ar aghaidh. Comhaontaíodh go dtosófaí ag díriú láithreach, mar chuid de shocrú píolótach, ar roinnt bailte agus ar roinnt limistéar de chathracha nach bhfuil aon soláthar il-sainchreidmheach iontu faoi láthair.

Dheimhnigh an Chomhairle Oideachais agus na hEaspaig ábhartha go bhfuil siad toilteanach dul i dteagmháil agus comhoibriú go hiomlán leis an Roinn ar mhaithe le pátrúnacht níos éagsúla scoile a éascú sna bailte agus sna cathracha sin. Is iad seo na limistéir phíolótacha:

- An tInbhear Mór
- Baile Átha Luain
- Corcaigh
- Baile Átha Cliath
- Dún Dealgan
- Gaillimh
- Luimneach
- Eochail

Mar chuid den phróiseas píolótach sin, chomhaontaigh an Roinn roinnt éascaitheoirí neamhspleácha a chur ar fáil chun obair leis an bpátrún scoile agus leis na húdaráis ábhartha scoile ar an leibhéal áitiúil

Is ag gach bunscoil in Éirinn atá pátrún a bhfuil freagracht air as éiteas agus spiorad saineiúil na scoile a shocrú, i measc nithe eile.

San am i láthair, tá éiteas Caitliceach ag 89% de bhunscoileanna.

Tá éiteas il-sainchreidmheach ag thart ar 5% díobh.

Éiteas reiligiúnach nach éiteas Caitliceach é is ea an t-éiteas atá ag na 6% eile, nó mar sin, de bhunscoileanna. Is é éiteas Eaglais na hÉireann atá ag na bunscoileanna sin, den chuid is mó.

- chun an tionscnamh píolótach um athchumrú a chur ar aghaidh;
- chun cabhrú le scoileanna féideartha a shainaitheint; agus
- chun dul i dteagmháil le geallsealbhóirí, lena n-áirítear údaráis scoile, baill foirne scoile agus an pobal scoile, tuismitheoirí ina measc,

d'fhonn teacht ar chomhaontú ar aistriú pátrúnachta agus ar athrú éitis, in áiteanna ina bhfuil éileamh dóthanach ann air sin.

I gcás go mbeidh sé beartaithe pátrúnacht a aistriú, beidh ar an bpátrún atá ann cheana agus ar aon phátrún isteach a lán nithe a phlé agus a chomhaontú roimh ré, lena n-áireofar tosca praiticiúla nó dlíthiúla amhail soláthar foirne, tosca airgeadais, aon dliteanais atá amuigh, léasú na réadmhaoine scoile, agus araile. Úsáidfear na ceachtanna a fhoghlaiméofar ó na limistéir phíolótacha sin chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas i limistéir eile den tír sa toadhcháí.

## **2. Treoirphrionsabail**

Is gá gnéithe éagsúla den saol scoile a bhreithniú agus pátrún á athrú. Leagtar amach sa rannán seo treoirphrionsabail ghinearálta a bhaineann leis na nithe atá le breithniú agus pátrúnacht bunscoile á haistriú.

Is féidir go mbeidh solúbthacht ag teastáil i ndáil leis na nithe sin chun imthosca ar leith gach scoile a léiriú. Is féidir go mbeidh tosca eile ann freisin nach dtagann faoi raon feidhme an treirdhoiciméid seo.

Is féidir go mbeidh gach scoil difriúil maidir lena himthosca ar leith agus maidir le mianta na mball foirne scoile, na dtuismitheoirí agus an phobail.

Tá na Treoirphrionsabail leagtha amach in dhá rannán:

**Rannán A: Faisnéis do Thuismitheoirí, do Dhaltaí agus don Phobal Scoile agus Ceisteanna Coitianta**

**Rannán B: Faisnéis d'Údaráis Scoile**

## A. Faisnéis do Thuismitheoirí/Caomhnóirí, do Dhaltaí agus don Phobal Scoile agus Ceisteanna Coitianta

### 1. Comhthéacs

#### An bhfuil cineálacha difriúla bunscoile ann?

Féadfaidh bunscoileanna oibriú trí mheán an Bhéarla nó trí mheán na Gaeilge. Ó thaobh éitis de, féadfaidh siad a bheith:

- ina scoileanna reiligiúnacha (nó sainchreidmheacha)
- ina scoileanna idir-shainchreidmheacha
- ina scoileanna il-sainchreidmheacha

Is gnách go bhfreastalaíonn leanaí ar cheann amháin dá mbunscoileanna áitiúla. Féadfaidh tú do leanbh a chur chuig cibé bunscoil is mian leat, fad is go bhfuil áit ann dó/di. Cloíonn gach bunscoil Státchistithe le curaclam náisiúnta coiteann agus tá siad faoi réir an aon tacaí rialacha agus rialachán amháin.

#### Cad is ciall le pátrúnacht? Cé na cineálacha difriúla pátrúin atá ann?

Is é is ciall le *pátrúnacht* scoile ná duine nó comhlacht a bhainistíonn scoil agus a dtugtar *pátrún* na scoile air/uirthi.

Ceapann an pátrún an bord bainistíochta chun oibriú na scoile a bhainistiú. Socraíonn an pátrún éiteas agus spiorad saineúil na scoile freisin. Féadfar oideachas nó teagasc reiligiúnach a sholáthar ag an scoil ar aon dul lena héiteas.

Samplaí de chomhlachtaí atá i mbun scoileanna reiligiúnacha (nó sainchreidmheacha) is ea an Eaglais Chaitliceach agus Eaglais na hÉireann. Samplaí de chomhlachtaí atá i mbun scoileanna il-sainchreidmheacha is ea Boird Oideachais agus Oiliúna, Oideachas Le Chéile agus an Foras Pátrúnachta.

Tá dé-éiteas ag scoileanna atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, is iad sin: éiteas Gaeilge agus éiteas spioradálta amhail éiteas il-sainchreidmheach, éiteas Caitliceach nó éiteas idir-shainchreidmheach.

#### An ionann an curaclam i ngach scoil, beag beann ar an bpátrún?

Cloíonn gach bunscoil Státchistithe le curaclam náisiúnta coiteann agus tá siad faoi réir an aon tacaí rialacha agus rialachán amháin.

Tá an t-oideachas reiligiúnach ar cheann amháin den 12 ábhar de Churaclam na Bunscoile 1999 ar leibhéal na bunscoile faoi láthair agus ceanglaítear ar scoileanna tríocha nóiméad sa lá a leithdháileadh ar reiligiún a theagasc.

Tá seasamh uathúil ag an Oideachas Reiligiúnach sa mhéid is gur ar chomhlachtaí pátrúnachta na scoileanna aonair, agus ní ar an Stát, atá an fhreagracht as clár Oideachais Reiligiúnaigh a sholáthar. Fágann sé sin gurb é pátrún na scoile a shocraíonn a bhfuil sa chlár oideachais reiligiúnaigh i mbunscoil ar leith.

Léirítear an éagsúlacht pátrúnachta i roinnt clár de chuid pátrún laistigh den chóras bunscoile. Is sainchreidmheach nó reiligiúnach de réir a gcineáil atá roinnt de na cláir sin, áit a gcuirtear béim ar an ról atá ag forbairt creidimh, spioradálta agus mhorálta leanaí ina saol féin. Is eiticíúil de réir a gcineáil atá cláir eile de chuid pátrún, áit a gcuirtear béim ar thuiscint na leanaí a chothú ar nithe eitice agus ar luachanna.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag déanamh athbhreithniú agus athfhorbairt ar an gcuraclam iomlán bunscoile faoi láthair, rud ar foilsíodh an leagan is déanaí de sa bhliain 1999. Laistigh den obair sin, tá iniúchadh á dhéanamh ar réimsí nua foghlama a chomhtháthú isteach sa churaclam, lena n-áirítear réimsí amhail teicneolaíocht agus forbairt inbhuanaithe. Mar chuid den phróiseas, d'fhoilsigh CNCM Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile le haghaidh comhairliúcháin i mí Feabhra 2020. De bharr na paindéime agus na n-imthosca a bhí i réim i scoileanna, athdhearadh an comhairliúcháin chun é a chur i gcrích in dhá chéim:

Ba é a bhí i gceist le Céim 1, a bhí ar oscailt ó mhí Feabhra 2020 go mí Eanáir 2021, ná dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus comhlachtaí náisiúnta is geallsealbhóirí. Is é a bhí i gceist le Céim 2, a osclaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus a bhí ar siúl suas go deireadh mhí Feabhra 2022, ná dul i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne, le múinteoirí, le ceannairí scoile, le tuismitheoirí agus le leanaí.

Sna míonna atá romhainn, déanfaidh CNCM anailís ar an aiseolas ó Chéimeanna 1 agus 2 den chomhairliúcháin agus comhroinnfidh sé na fionnachtana i dtuarascáil comhairliúcháin. Úsáidfear na fionnachtana sin chun bonn eolais a chur faoin leagan deiridh de Chreat Curaclaim na Bunscoile. A luaithe a bheidh sí foilsithe go luath sa bhliain 2023, treorófar leis an gcreat sin forbairt na sonraíochtaí do gach ceann de na réimsí curaclaim.

Tá sé mar aidhm le Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile tacú le foghlaim agus forbairt leanaí ó chúlraí reiligiúnacha difriúla agus ó chúlraí neamhreiligiúnacha. Is le réimsí curaclaim na Folláine agus an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil a ghabhann deiseanna le haghaidh an fhoghlaim sin a chur san áireamh sa churaclam athfhorbartha.

### **Cad a tharlaíonn i scoil il-sainchreidmheach?**

- Curaclam:

Soláthraíonn scoileanna il-sainchreidmheacha an curaclam náisiúnta ar an mbealach céanna a sholáthraíonn gach scoil eile é, beag beann ar an bpátrún, agus tá siad faoi réir an aon tacair rialacha agus rialachán amháin.

Cothaítear an Ghaeilge i measc leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna il-sainchreidmheacha ar an mbealach céanna a chothaítear í i measc leanaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna eile.

- An dóigh a dteagasctar an reiligiún:

Foghlaimíonn leanaí i scoileanna il-sainchreidmheacha faoi gach creideamh agus tuairim (mar shampla, dearcthaí aindiacha agus dearcthaí daonnachacha) mar chuid den lá scoile.

Mar shampla, baineann Pobalscoileanna Náisiúnta na mBord Oideachais agus Oiliúna úsáid as curaclam oideachais ilchreidimh agus il-luachanna dar teideal “Goodness Me, Goodness You!”. Baineann scoileanna Oideachais Le Chéile úsáid as curaclam morálta eiticíúil dar teideal ‘Learn Together’.



Maidir le scoileanna atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, tá an Ghaeilge mar éiteas acu agus is spiorad il-sainchreidmheach, spiorad Caitliceach nó spiorad idir-shainchreidmheach é an spiorad saineúil atá acu. Sna scoileanna il-sainchreidmheacha de chuid an Fhorais Phátrúnachta, baintear úsáid as Clár Chroí na Scoile, mar a scríobh an scoil i gcomhar leis an bhForas é.

- An dóigh a dtarlaíonn cruthú creidimh, mar shampla ullmhúchán don Chéad Chomaoineach agus do Chóineartú:

I scoileanna il-sainchreidmheacha, ní dhéantar aon ranganna cruthú creidimh le linn an lae scoile. Tá socruithe éagsúla i bhfeidhm chun na ranganna sin a éascú lasmuigh d'uaireanta scoile.

Is féidir le tuismitheoirí agus leis an bparóiste áitiúil Teagasc Reiligiúnach agus cruthú creidimh, mar shampla ullmhúchán don Chéad Chomaoineach agus do Chóineartú, a shocrú i gcomhpháirt lena chéile. Tá cleachtais éagsúla i bhfeidhm ag gach scoil agus is féidir cleachtais ar leith a bheith ar bun ar an leibhéal áitiúil.

- Ceiliúradh féilte reiligiúnacha amhail Nollaig:

Is féidir go gceiliúrfaidh scoileanna il-sainchreidmheacha an-chuid de na hócáidí tábhachtacha reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha a tharlaíonn sa bhliain amhail Nollaig, Cáisc, Díbheálaí, Eid, Vaisakhi, Holi, Lá Darwin agus féilte eile ar fud an téarma scoile. Tá socruithe éagsúla i bhfeidhm ag gach scoil.

I gcás roinnt mhaith scoileanna il-sainchreidmheacha, is féidir go mbeidh siombailí agus íomhánna ar taispeánt acu sa scoil a bheadh ina léiriú ar an éagsúlacht reiligiún agus creideamh atá ann i measc na leanaí atá ag freastal ar an scoil. Is féidir go gceiliúrfar amanna speisialta sa bhliain le híomhánna agus déantáin ar leith, mar shampla mainséar um Nollaig agus taispeántais ealaíne loslamaí um Eid. Mar an gcéanna, tá socruithe éagsúla i bhfeidhm ag gach scoil.

- An difríocht idir é sin agus an dóigh a dteagasctar an reiligiún i scoil a bhfuil éiteas reiligiúnach aici:

Tá formhór na mbunscoileanna faoi phátrúnacht shainchreidmheach Chaitliceach agus is é sin an bonn faoi éiteas agus spiorad saineúil na scoile. Ar aon dul leis sin, leathann éiteas Críostaí ar fud an lae scoile agus ar fud shaol na scoile.

Is faoi na pátrúin iad féin atá sé socruithe a dhéanamh le haghaidh cruthú creidimh agus ranganna cruthú creidimh, mar shampla ullmhúchán don Chéad Chomaoineach agus do Chóineartú, i scoileanna atá faoi phátrúnacht reiligiúnach. I bhformhór na scoileanna den sórt sin, pléitear le cruthú creidimh agus le hullmhúchán do na sacraimintí mar chuid den lá scoile.

Is faoin bpátrún agus faoi bhord bainistíochta na scoile atá sé socruithe a dhéanamh le haghaidh chlár (oideachais reiligiúnaigh) an phátrúin agus chur chun feidhme an chlár, oiliúint múinteoirí san áireamh.

## 2. Athchumrú/Aistriú pátrúnachta

### Cad is Athchumrú ann? Cén difear a dhéanann sé do scoil?

Tá sé mar aidhm leis an bPróiseas um Athchumrú Scoileanna ar mhaithe leis an Éagsúlacht tuilleadh scoileanna il-sainchreidmheacha a sholáthar, ar aon dul leis na roghanna a dhéanann teaghlaigh agus pobail scoile agus le ceann amháin de na gealltanais atá i gClár an Rialtais.

Sa phróiseas sin, éascaítear athrú pátrúin, agus athrú éitis, i limistéir inar féidir go mbeidh éileamh ann ar éagsúlacht mhéadaithe ó thaobh cineáil scoile de. I limistéir ina bhfuil cuid mhór de chineál pátrúin amháin ann agus ina bhfuil éileamh ann ar éagsúlacht/rogha mhéadaithe, is féidir go ndéanfaidh na pátrúin shainchreidmheacha (reiligiúnacha) atá ann cheana breithniú ar scoil atá faoina bpátrúnacht a aistriú chuig pátrún il-sainchreidmheach. Tabharfaidh sé sin rogha do na tuismitheoirí sin nach bhfuil ag iarraidh a leanaí a chur chuig scoil shainchreidmheach (reiligiúnach).

I gcás go mbeidh scoil ag aistriú ó phátrún amháin go pátrún eile, coinneofar an scoil ar oscailt (agus beidh an uimhir rolla chéanna aici agus oibreoidh sí amach ón réadmhaoin scoile chéanna) agus fanfaidh baill foirne agus daltaí mar a bhfuil siad.

Is é beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, ná aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin.

Is é atá i gceist le haistrithe pátrúnachta chuig an earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna ná fostóir fhoireann na scoile a athrú. I gcás aistrithe chuig pátrúin il-sainchreidmheacha eile, amhail Oideachas Le Chéile nó an Foras Pátrúnachta, leanfaidh bord bainistíochta na scoile leis an bhfoireann a fhostú.

Agus pátrúnacht á haistriú, beidh sé riachtanach bord bainistíochta nua a cheapadh (nó bainisteoir aonair a cheapadh ar feadh tréimhse eatramhach) de réir oibleagáidí dlíthiúla an phátrúin. Áireofar leis an mbord beirt chomhaltaí a n-ainmneoidh an pátrún nua go díreach iad. Is féidir go n-áireofar leis an mbord athbhunaithe comhaltaí den bhord bainistíochta roimhe.

Tá an pátrún scoile freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le haon aistriú pátrúnachta. Féadfaidh aon scoil pátrúnacht a aistriú (fad is mian le pátrún na scoile déanamh amhlaidh).

D'athraigh roinnt scoileanna pátrúnacht le blianta beaga anuas. Chuaigh na pobail scoile sin i dteagmháil lena bpátrún.

### Cé na gealltanais a thug an Rialtas?

Léirítear i gClár an Rialtais an cuspóir atá ag an Rialtas leanúint le hiolracht scoileanna a leathnú ar mhaithe le leithead iomlán na sochaí a léiriú. Leagtar amach ann gur cheart “do mhic léinn de gach reiligiún agus gan aon reiligiún rochtain a bheith acu ar an oideachas, beag beann ar a gcóras creidimh”. Áirítear iad seo a leanas leis na gealltanais atá i gClár an Rialtais ina leith sin:

- “An sprioc go mbeadh 400 bunscoil il-sainchreidmheach ar a laghad ann faoin mbliain 2030 a bhaint amach chun rogha tuismitheoirí a fheabhsú”;

- “Aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin”;
- “Obair i gcomhar le pobail chun a chinntiú go soláthrófar faisnéis shoiléir neamhchlaon faoin ullmhúchán don phróiseas um dhídhílsiú, agus faoi iarmhairtí an phróisis sin, agus chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a chuirfear”.

### **Cén fáth a mbíonn iarrachtaí á ndéanamh chun an líon bunscoileanna il-sainchreidmheacha a mhéadú?**

Is ag gach bunscoil in Éirinn atá pátrún a bhfuil freagracht air as éiteas agus spiorad saineúil na scoile a shocrú, i measc nithe eile. San am i láthair, tá éiteas Caitliceach ag 89% de bhunscoileanna. Tá éiteas il-sainchreidmheach ag thart ar 5% díobh. Éiteas reiligiúnach nach éiteas Caitliceach é is ea an t-éiteas atá ag na 6% eile, nó mar sin, de bhunscoileanna. Is é éiteas Eaglais na hÉireann atá ag na bunscoileanna sin, den chuid is mó.

Tá scoileanna sainchreidmheacha ag imirt ról tábhachtach sa bhunoideachas in Éirinn le níos mó ná céad bliain anuas. Cosúil le bunscoileanna eile, tá stair láidir cuimsitheachta acu sa mhéid is go bhfreastalaíonn siad ar a bpobal áitiúil agus go nglacann siad le leanaí de gach creideamh agus le leanaí nach bhfuil aon chreideamh ar bith acu.

Toisc go mbíonn sochaí na hÉireann ag athrú, meastar go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh fáil níos leithne ann ar an rogha atá ann leas a bhaint as an oideachas i suíomhanna scoile nach bhfuil aon éiteas sainchreidmheach acu.

Is bunaithe ar raon leathan cúiseanna a chinneann tuismitheoirí cén scoil a gcuirfidh siad a leanaí chucu. Tá éiteas ina thoisic thábhachtach do roinnt díobh. Tá éileamh ann ar scoileanna nach bhfuil aon éiteas sainchreidmheach/reiligiúnach acu.

Thug pátrúin Chaitliceacha le fios go bhfuil siad i bhfách le tírdhreach oideachais a léiríonn an éagsúlacht mhéadaitheach atá ann inár sochaí. Thug siad le fios freisin gurb é an toradh ba cheart a bheith ar fhíor-iolracht pátrúnachta a bheith ann ar fud na tíre ná rogha tuismitheoirí a chinntiú agus, ag an am céanna, pátrúin a chumasú cloí go dílis lena n-éiteas agus lena spiorad saineúil féin.

Dar le hionadaithe do phátrúin Chaitliceacha: “Ba mhaith le hEaspaig bogadh chomh tapa agus is féidir go staid ina dtacaíonn an Stát le tuismitheoirí trí scoileanna a sholáthar a bhfuil a n-éiteas ag teacht dáiríre lena bhfuil tuismitheoirí á lorg dá leanaí”. D’éascaigh roinnt Easpaig Caitliceach aistriú pátrúnachta cheana féin. Rinne Easpaig de chuid Eaglais na hÉireann an rud céanna. Tá na bunscoileanna príomhshrutha a d’aistrigh pátrúnacht liostaithe in Aguisín A.

Tá sé mar sprioc ag an Rialtas an líon bunscoileanna il-sainchreidmheacha a mhéadú go 400 ceann faoin mbliain 2030. Dá mbainfí an sprioc sin amach, mhéadófaí céatadán na mbunscoileanna il-sainchreidmheacha go thart ar 13% de na scoileanna uile, ó thart ar 5% faoi láthair.

## **Cén dóigh a gcuirfeadh sainroghanna pearsanta tuismitheoirí san áireamh agus aistriú pátrúnachta á dhéanamh?**

Tá guth an tuismitheora agus an phobail scoile tábhachtach maidir leis an gcinneadh chun athrú go héiteas il-sainchreidmheach. Tá an pátrún scoile freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le haistriú pátrúnachta. Molann an Roinn do thuismitheoirí aon tuairimí atá acu maidir le haistriú pátrúnachta agus maidir le hathrú éitis a phlé le pátrún na scoile a bhfreastalaíonn a leanaí uirthi. Tá an-tábhacht ag baint le comhairliúchán le tuismitheoirí agus le pobail scoile.

Is é seo beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais:

- “An sprioc go mbeadh 400 bunscoil il-sainchreidmheach ar a laghad ann faoin mbliain 2030 a bhaint amach chun rogha tuismitheoirí a fheabhsú”;
- “Aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin”;
- “Obair i gcomhar le pobail chun a chinntiú go soláthrófar faisnéis shoiléir neamhchlaon faoin ullmhúchán don phróiseas um dhídhísiú, agus faoi iarmhairtí an phróisis sin, agus chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a chuirfeadh”.

Is féidir go n-áireofar leis na pátrúin ionchasacha soláthraithe il-sainchreidmheacha atá ann cheana amhail Boird Oideachais agus Oilíúna, an Foras Pátrúnachta agus Oideachas Le Chéile.

## **Ar tharla aistrithe pátrúnachta in aon limistéir cheana féin?**

Tharla. Aistríodh roinnt bunscoileanna príomhshrutha chuig pátrún il-sainchreidmheach le blianta beaga anuas, agus 11 Phobalscoil Náisiúnta il-sainchreidmheacha bhreise á gcruthú dá bharr sin.

Cuireann an Foras Pátrúnachta múnla iomlán il-sainchreidmheach ar fáil agus tá múnla eile forbartha aige i nGaelscoil amháin.

Tá liosta de bhunscoileanna príomhshrutha a d'aistrigh pátrúnacht tugtha in Aguisín A.

## **Cén dóigh a roghnaítear scoileanna lena nAthchumrú?**

Chun rogha a thabhairt do thuismitheoirí in áiteanna amhail bailte nó limistéir de chathracha ina bhfuil roinnt scoileanna sainchreidmheacha ach nach bhfuil aon scoileanna il-sainchreidmheacha iontu, táthar ag súil gur féidir teacht ar chomhaontú ar phróiseas trínar féidir leis an bpátrún tromlaigh atá ann cheana (arb é an tEaspag Caitliceach ábhartha é i bhformhór na gcásanna) dul i dteagmháil leis an Roinn agus leis an bpobal áitiúil chun scoil oiriúnach a shainiú lena hathchumrú.

Tá an Roinn agus Comhairle Oideachais Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann (a dhéanann ionadaíocht do na pátrúin Chaitliceacha) i dteagmháil lena chéile le tamall anuas chun an próiseas um athchumrú a chur ar aghaidh. Comhaontaíodh go dtosófaí ag díriú láithreach, mar chuid de shocrú píolótach, ar roinnt bailte agus ar roinnt limistéir de chathracha nach bhfuil aon soláthar il-sainchreidmheach iontu faoi láthair.

Dheimhnigh an Chomhairle Oideachais agus na hEaspaig ábhartha go bhfuil siad toilteanach dul i dteagmháil agus comhoibriú go hiomlán leis an Roinn ar mhaithe le pátrúnacht níos éagsúla scoile a éascú sna bailte agus sna cathracha sin. Is iad seo na limistéir phíolótacha:

- An tInbhear Mór
- Baile Átha Luain
- Corcaigh
- Baile Átha Cliath
- Dún Dealgan
- Gaillimh
- Luimneach
- Eochail

Mar chuid den phróiseas píolótach sin, chomhaontaigh an Roinn roinnt éascaitheoirí neamhspleácha a chur ar fáil chun obair leis an bpátrún scoile agus leis na húdaráis ábhartha scoile ar an leibhéal áitiúil

- chun an tionscnamh píolótach um athchumrú a chur ar aghaidh;
- chun cabhrú le scoileanna féideartha a shainathint; agus
- chun dul i dteagmháil le geallsealbhóirí, lena n-áirítear údaráis scoile, baill foirne scoile agus an pobal scoile,

d'fhonn teacht ar chomhaontú ar aistriú pátrúnachta agus ar athrú éitis, in áiteanna ina bhfuil éileamh dóthanach ann air sin.

### **Cén t-am den bhliain ba cheart aistriú pátrúnachta a dhéanamh?**

Féadfaidh tuismitheoirí agus an pobal scoile dul i dteagmháil lena bpátrún scoile ag aon am den bhliain má tá siad ag iarraidh aistriú féideartha pátrúnachta a phlé. Féadfar tosú ag ullmhú don aistriú ar leibhéal na scoile a luaithe a thiocfar ar chomhaontú i bprionsabal leis an bpátrún scoile.

Ar chúiseanna praiticiúla, áfach, moltar go ndéanfaí aistrithe pátrúnachta i dtús na scoilbhliana, seachas lena linn. Ag brath ar imthosca áitiúla, is féidir go mbeidh am tionscnaimh níos faide ag teastáil agus, i gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh roinnt blianta ullmhúcháin i gceist sula bhféadfar aistriú pátrúnachta a dhéanamh.

### **An bhféadfar aistriú ó éiteas reiligiúnach chuig éiteas il-sainchreidmheach le himeacht ama?**

Féadfar. Tá roinnt roghanna difriúla ar fáil do phátrúin scoile maidir le pátrúnacht a aistriú agus maidir le hathrú go héiteas il-sainchreidmheach.

Is é an chéad rogha ná aistriú pátrúnachta agus athrú éitis a dhéanamh, rud a mbeidh éifeacht leis don phobal scoile ar fad ón dáta a athrófar an pátrún. Tharla sé sin i gcás fhormhór an 12 athrú a rinneadh ar phátrúnacht bunscoileanna príomhshrutha ón mbliain 2017 i leith.

Is é an dara rogha ná éiteas a athrú de réir a chéile, áit a ngabhfaidh gach grúpa nua naíonán sóisearach do Chlár Eitice agus Moráltachta agus a leanfaidh na ranganna níos sinsearaí leis an gclár sainchreidmheach a leanúint go dtí go mbeidh na daltaí uile ag gabháil don Chlár il-sainchreidmheach Eitice agus Moráltachta.

Ar an tríú dul síos, is féidir go mbeidh roinnt pátrún toilteanach deis a thabhairt do thuismitheoirí Clár Eitice agus Moráltachta a roghnú dá naíonáin shóisearacha agus, ag an am céanna, clár sainchreidmheach a sholáthar d'aon thuismitheoirí a roghnóidh é sin.

Maidir leis an rogha is oiriúnaí do scoil ar leith, beidh sí ag brath ar mhianta an phobail scoile agus ar thuairimí an phátrúin amach agus an phátrúin isteach. I gcás roinnt pátrún il-sainchreidmheach, tá siad toilteanach tacú le roinnt de na roghanna féideartha thuas agus níl siad i bhfách le gach ceann díobh.

### **An bhfuil athchumrú/aistriú pátrúnachta ar fáil do scoileanna lán-Bhéarla amháin?**

Níl. Féadfaidh pobail scoile lán-Ghaeilge dul i dteagmháil lena bpátrún scoile maidir le hathrú féideartha a dhéanamh go pátrún il-sainchreidmheach ar an mbealach céanna a théann scoileanna lán-Bhéarla i dteagmháil lena bpátrún scoile féin. Cosúil le formhór mór na scoileanna lán-Bhéarla, is faoi phátrúnacht shainchreidmheach atá a lán scoileanna lán-Ghaeilge.

Maidir le pobail scoile a bhfuil spéis acu in aistriú pátrúnachta a iniúchadh, ba cheart dóibh dul i dteagmháil lena bpátrún scoile ar an gcéad ásc.

I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh scoileanna lán-Bhéarla ag iarraidh athrú ó éiteas reiligiúnach go héiteas il-sainchreidmheach. Is féidir go mbeidh siad ag iarraidh aistriú ina scoileanna lán-Ghaeilge freisin.

Tríd an bpróiseas um athchumrú/aistriú pátrúnachta, tugtar deiseanna le haghaidh tuilleadh scoileanna il-sainchreidmheacha lán-Ghaeilge agus tuilleadh scoileanna il-sainchreidmheacha lán-Bhéarla a chruthú. Tugtar deiseanna do scoileanna lán-Bhéarla aistriú ina scoileanna lán-Ghaeilge sa chomhthéacs sin freisin.

Cé nach bhfuil aon treoir mhionsonraithe ann faoi láthair maidir le haistriú ó scoil lán-Bhéarla ina scoil lán-Ghaeilge, tabharfaidh an obair leanúnach atá ar siúl chun beartas a fhorbairt don Ghaeloideachas lasmuigh den Ghaeltacht deis dúinn breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaidh scoil lán-Bhéarla aistriú ina scoil lán-Ghaeilge i gcomhthéacs an athchumraithe.

### **Cad a tharlóidh mura bhfuilim ag iarraidh aon athrú a fheiceáil in éiteas scoil mo linbh?**

Léirítear i gClár an Rialtais an cuspóir atá ag an Rialtas leanúint le hiolracht scoileanna a leathnú ar mhaithe le leithead iomlán na sochaí a léiriú. Leagtar amach ann gur cheart “do mhic léinn de gach reiligiún agus gan aon reiligiún rochtain a bheith acu ar an oideachas, beag beann ar a gcóras creidimh”.

Áirítear iad seo a leanas leis na gealltanais atá i gClár an Rialtais ina leith sin:

- “An sprioc go mbeadh 400 bunscóil il-sainchreidmheach ar a laghad ann faoin mbliain 2030 a bhaint amach chun rogha tuismitheoirí a fheabhsú”;
- “Aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin”;
- “Obair i gcomhar le pobail chun a chinntiú go soláthrófar faisnéis shoiléir neamhchlaon faoin ullmhúchán don phróiseas um dhídhílsiú, agus faoi iarmhairtí an phróisis sin, agus chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a chuirfeadh”.

Tá an pátrún scoile freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le haistriú pátrúnachta agus as comhairliúcháin maidir le hAthchumrú a eagrú le pobail scoile.

Molann an Roinn do thuismitheoirí aon tuairimí atá acu maidir le haistriú pátrúnachta a phlé le pátrún na scoile a bhfreastalaíonn a leanaí uirthi. Leagtar amach sa phaca faisnéise seo freisin faisnéis do bhoird bhainistíochta scoile maidir le haistrithe a éascú, nuair is féidir, nuair atá daltaí agus a dtuismitheoirí ag iarraidh aistriú amach as scoil (agus isteach i scoil) atá ag aistriú pátrúnachta.

### **An ionann Athchumrú agus an Próiseas um Dhídhílsiú?**

Tionscnaimh ar leith a bhfuil aidhmeanna comhchosúla acu is ea an Próiseas um Athchumrú Scoileanna ar mhaithe leis an Éagsúlacht agus an Próiseas um Dhídhílsiú Pátrúnachta.

Tháinig an Próiseas um Dhídhílsiú Pátrúnachta as na moltaí a rinneadh sa tuarascáil ón nGrúpa Comhairleach don Fhóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bunscoile, a foilsíodh sa bhliain 2012. Ina dhiaidh sin, thug an Roinn faoi shuirbhéanna ar shainroghanna pearsanta tuismitheoirí i 43 limistéar daonra chobhsaí sna blianta 2012 agus 2013 chun a shuí cén leibhéal éilimh a bhí ann i measc tuismitheoirí ar rogha níos leithne a bheith acu maidir le pátrúnacht bunscoileanna laistigh de na limistéir sin. San anailís ar na sainroghanna pearsanta a chuir tuismitheoirí in iúl i ngach limistéar a ndearnadh suirbhé orthu, tugadh le fios go bhfuil éileamh dóthanach ann i measc tuismitheoirí chun tacú le hathruithe i bpátrúnacht scoile in 28 limistéar.

Faoin bpróiseas um dhídhílsiú pátrúnachta, féadfar scoil a oscailt in áit inar tháinig foirgneamh scoile chun bheith ar fáil, nó ina bhfuil foirgneamh scoile chun teacht chun bheith ar fáil, mar thoradh ar scoil atá ann cheana a chónascadh/a dhúnadh. Agus í ag freagairt don éileamh ar an éagsúlacht i roinnt limistéar nach raibh na pátrúin atá ann cheana in ann réadmhaoine scoile a chur ar fáil iontu, rinne an Roinn scrúdú ar réadmhaoine atá faoi úinéireacht phoiblí a úsáid freisin.

I gcomhthráth leis an bpróiseas um Athchumrú, leanann an Roinn Oideachais uirthi ag obair le geallsealbhóirí chun soláthar na héagsúlachta a chur ar aghaidh i limistéir nár bunaíodh scoil nua iontu go fóill, ar limistéir iad a sainaitníodh cheana féin mar chuid de na suirbhéanna ar dhídhílsiú pátrúnachta a rinneadh sna blianta 2012 agus 2013.

Bunaíodh 12 scoil faoin bpróiseas sin, agus éiteas il-sainchreidmheach ag gach cearn díobh. In dhá cheann de na limistéir lena mbaineann, tháinig méadú chomh mór sin ar an déimeagrafaic chun údar a thabhairt le scoileanna nua a bhunú chun críocha déimeagrafacha lasmuigh den phróiseas um dhídhílsiú pátrúnachta, agus bunaíodh scoileanna il-sainchreidmheacha nua sna limistéir sin. I gceann amháin de na limistéir lena mbaineann, tá scoil amháin chun pátrúnacht a aistriú ón Easpag Caitliceach chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna áitiúil chun gníomhú mar Phobalscoil Náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2022.

## B. Faisnéis d'Údaráis Scoile

### 1. An Pátrún

#### i) Teagmháil idir Pátrúin maidir le Nithe Praiticiúla

Is gá don phátrún amach agus don phátrún isteach a lán nithe a phlé agus a chomhaontú mar chuid d'aistriú pátrúnachta.

Tógfaidh sé am chun na nithe sin a phlé agus chun dul i dteagmháil agus i gcomhairle leis an bpobal scoile maidir le nithe ábhartha. Cé nach liosta uileghabhálach é an liosta thíos, tugtar treoir inti maidir le roinnt de na príomhnithe is gá a bhreithniú.

#### ii) Creat Ama

Ba cheart don phátrún amach agus don phátrún isteach sceideal cur chun feidhme a chomhaontú.

Sa sceideal sin, ba cheart aird a thabhairt ar riachtanais éagsúla uainiúcháin amhail faisnéis a sholáthar don phobal scoile, agus dul i gcomhairle leis an bpobal scoile, d'fhonn an t-aistriú pátrúnachta a dhéanamh i dtús na scoilbhliana. Nuair is iomchuí, ba cheart aird a thabhairt ann freisin ar fhógraí dlí fostaíochta, lena n-áirítear na rialacháin maidir le Gnóthais a Aistriú (Fostaithe a Chosaint), agus ar uainiú na bpainéal ath-implonaithe múinteoirí.

Ag brath ar imthosca áitiúla, is féidir go mbeidh roinnt blianta ullmhúcháin i gceist sula bhféadfar aistriú pátrúnachta a dhéanamh. Is féidir go mbeidh am tionscnaimh níos giorra cú i gcásanna eile.

#### iii) Cumarsáid

Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh pobail scoile faisnéis chomhsheasmhach shoiléir ó pháirtithe ábhartha.

Ba cheart don phátrún amach agus don phátrún isteach teacht ar chomhaontú maidir le huainiú agus formáid aon chumarsáidí agus, go háirithe, maidir le huainiú agus formáid aon phreaseisiúna, aon fhógra nó aon ráitis phoiblí sula ndéanfar an t-aistriú pátrúnachta.

#### iv) Cén dóigh a ndéantar an t-aistriú pátrúnachta go foirmiúil?

I gcás go mbeidh dea-dhul chun cinn déanta ar na socrúithe praiticiúla agus go mbeidh comhaontú i bprionsabal ann idir an phátrún amach agus an phátrún isteach, is mar a leanas a bheidh an próiseas le haghaidh a shocrú go bhfaighfí an ceadú

Tá sé mar aidhm leis an bPróiseas um Athchumrú Scoileanna ar mhaithe leis an Éagsúlacht tuilleadh scoileanna il-sainchreidmheacha a sholáthar, ar aon dul leis na roghanna a dhéanann teaghlaiigh agus pobail scoile agus le ceann amháin de na gealltanais atá i gClár an Rialtais.

Sa phróiseas sin, éascaítear athrú pátrúin, agus athrú éitis, i limistéir inar féidir go mbeidh éileamh ann ar éagsúlacht mhéadaithe ó thaobh cineáil scoile de. I limistéir ina bhfuil cuid mhór de chineál pátrúin amháin ann agus ina bhfuil éileamh ann ar éagsúlacht/rogha mhéadaithe, is féidir go ndéanfaidh na pátrúin shainchreidmheacha (reiligiúnacha) atá ann cheana breithniú ar scoil atá faoina bpátrúnacht a aistriú chuig pátrún il-sainchreidmheach. Tabharfaidh sé sin rogha do na tuismitheoirí sin nach bhfuil ag iarraidh a leanaí a chur chuig scoil shainchreidmheach (reiligiúnach).

I gcás go mbeidh scoil ag aistriú ó phátrún amháin go pátrún eile, coinneofar an scoil ar oscailt (agus beidh an uimhir rolla chéanna aici agus oibreoidh sí amach ón réadmhaoin scoile chéanna) agus fanfaidh baill foirne agus daltaí mar a bhfuil siad.

Tá an pátrún scoile freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le haon aistriú pátrúnachta.



riachtanach agus go leasófaí clár na bpátrún atá ina seilbh ag an Roinn Oideachais:

- Ba cheart don phátrún atá ann cheana scríobh chuig an Aire Oideachais chun aistriú deonach pátrúnachta a iarraidh faoi alt 8 den Acht Oideachais, 1998, i leith na scoile lena mbaineann. Leagfaidh sé amach an teagmháil a ndeachaigh sé ina bun agus sainaitheoidh sé an comhlacht pátrúnachta a bhfuil sé ag iarraidh pátrúnacht a aistriú chuige, á iarraidh go leasófaí clár na bpátrún dá réir sin.
- Scríobhfaidh an Roinn chuig an bpátrún sainaitheanta beartaithe isteach. Iarrfaidh sí deimhniú foirmiúil á rá go bhfuil an pátrún beartaithe isteach sásta glacadh le pátrúnacht na scoile agus gur deimhin leis an bpátrún sin go bhfuil na socruithe cuí uile i bhfeidhm ina leith sin, lena n-áirítear i ndáil le nithe amhail tosca praiticiúla agus dlíthiúla, go ndearnadh amlínte agus an modh cumarsáide leis an bpobal áitiúil a phlé agus a chomhaontú agus gur breithníodh nithe eile (amhail socruithe a dhéanamh le haghaidh bord bainistíochta nua a cheapadh nó le haghaidh bainisteoir aonair a cheapadh mar bheart eatramhach, le haghaidh ainm cuí a thabhairt ar an scoil, le haghaidh leanúint, nó scor, d'aon socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le húsáid an áitribh scoile ag páirtithe eile, agus araile).
- I gcás go bhfaighfear deimhniú ón bpátrún beartaithe isteach, féadfaidh an tAire a chomhaontú clár na bpátrún a leasú agus eiseofar litreacha deimhniúcháin chuig an bpátrún amach agus chuig an bpátrún isteach.

#### v) Ceapadh Boird Bhainistíochta nua ag an bpátrún isteach

Leagtar amach sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023 na nósanna imeachta atá le leanúint agus bord bainistíochta á cheapadh i mbunscoil, lena n-áirítear i gcás go n-athróidh scoil pátrúnacht (Rannán 3.7 den lámhleabhar). Tugtar sa lámhleabhar freisin forbhreathnú úsáideach ar ról an bhoird agus ar na rialacha éagsúla atá i bhfeidhm maidir le comhdhéanamh agus oibriú na mbord.

I gcás go ndéanfar aistriú pátrúnachta, ba cheart don phátrún scoile isteach socruithe a dhéanamh le haghaidh bord bainistíochta nua a cheapadh faoi threoir ag an bpátrún nua.

Tiocfaidh téarma oifige an bhoird a oibríonn faoin bpátrún amach chun deiridh ar an lá roimh an gcéad lá ar a mbeidh an scoil ar oscailt chun daltaí a ligean isteach faoin bpátrún nua.

Sa tréimhse roimh bhunú an bhoird nua, bainisteoidh an pátrún nua an scoil nó ceapfaidh sé bainisteoir chun feidhmeanna an bhoird a chomhlíonadh, de réir alt 14 den Acht Oideachais, 1998.

Má tá an pátrún il-sainchreidmheach isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna, beidh baill foirne na scoile fostaithe ansin ag an mBord Oideachais agus Oiliúna sin agus éireoidh an bord bainistíochta ina choiste de chuid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Beidh an bord bainistíochta freagrach go fóill as nithe nach mbaineann leis an bhfostaíocht, e.g., beartais scoile, cosaint leaná agus pleanáil scoile. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023*.

Ceanglófar ar an mbord bainistíochta isteach seasamh le spiorad sainiúil na scoile, mar a shocróidh an pátrún isteach é de réir an Achta Oideachais.

Is féidir ceisteanna maidir le bord bainistíochta a cheapadh, nó maidir le bainisteoir a cheapadh ar feitheamh bhunú an bhoird, a sheoladh le ríomhphost chuig [schoolgovernance@education.gov.ie](mailto:schoolgovernance@education.gov.ie)

## 1(a) Nithe a bhaineann le réadmhaoín

Is gnách go mbíonn úinéireacht scoileanna agus úinéireacht réadmhaoine scoile i gceist le pátrúnacht scoileanna. I gcás go mbeidh aistriú pátrúnachta á dhéanamh, beidh sé riachtanach socruithe oiriúnacha a dhéanamh le haghaidh léasú na réadmhaoine scoile ag an bpátrún nua. Ní mar a chéile a bheidh na himthosca áitiúla i ngach cás, agus beidh ar úinéir na réadmhaoine nó ar an bpátrún amach agus ar an bpátrún isteach dícheall cuí a dhéanamh agus léas á dhéanamh acu. Is féidir go mbeidh úinéir na réadmhaoine ag iarraidh dul i dteagmháil lena c(h)omhairleoirí dlí ina leith sin agus i leith gnéithe eile den phróiseas.

Beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

### i) Stádas úinéireachta a dheimhniú

Saincheist chasta, ó thaobh bunreachta de agus ó thaobh an dlí réadmhaoine agus ceart de araon is ea úinéireacht agus rialú réadmhaoine scoile.

De ghnáth, bíonn iontaobhais reiligiúnacha, iontaobhaithe, oird reiligiúnacha, easpaig (mar úinéirí talún agus mar phátrúin scoile araon) agus an Stát i gceist leo. Ba cheart don phátrún amach úinéir(i) na réadmhaoine a shainaithint agus socruithe a dhéanamh le haghaidh toiliú scríofa úinéir na réadmhaoine a lorg leis an réadmhaoín a léasú/a fholéasú leis an bpátrún isteach ar mhaithe le hoibriú na scoile faoin bpátrún isteach a éascú.

Moltar go gcuirfí socruithe i bhfeidhm go luath sa phróiseas chun doiciméid ábhartha úinéireachta réadmhaoine, lena n-áirítear gníomhais réadmhaoine, a aimsiú agus chun a chinntiú go bhfuil an teideal in ord.

Is féidir go mbeidh úinéir na réadmhaoine/an pátrún ag iarraidh dul i dteagmháil lena c(h)omhairleoirí dlí ina leith sin agus i leith gnéithe eile den phróiseas. Má tá roinnt iontaobhaithe éagtha, beidh sé riachtanach socruithe a dhéanamh chun iontaobhaithe nua a cheapadh. Is féidir go mbeidh tionchar ag na gníomhais réadmhaoine ar an gcumhacht a bheidh ag úinéir na réadmhaoine chun an réadmhaoín a léasú agus, ag brath ar na himthosca, is féidir go mbeidh sé riachtanach iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas. Tá tuilleadh faisnéise ina leith sin ar fáil anseo:

<https://www.charitiesregulator.ie/ga>

Ba cheart breac-chuntas a thabhairt ar aon socruithe atá i bhfeidhm maidir le páirceanna AstroTurf, clóis súgartha nó taitneamhachtaí eile atá faoi rialú ag an mbord bainistíochta/ag an scoil agus ba cheart don phátrún amach úinéireacht na nithe sin a shainaithint. Ba cheart socruithe a dhéanamh freisin le haghaidh toiliú scríofa úinéir na réadmhaoine a lorg, más gá, le réadmhaoín a léasú/a fholéasú, mar atá leagtha amach thuas.

### ii) Léas

#### **A) I gcás nach mbeidh an réadmhaoín scoile faoi úinéireacht ag an Aire Oideachais**

I gcás nach mbeidh an réadmhaoín faoi úinéireacht ag an Aire Oideachais, beidh ar úinéir na réadmhaoine agus ar an bpátrún nua socruithe léasaithe a chomhaontú. Ba cheart léas/foléas a chur i bhfeidhm idir úinéir na réadmhaoine agus an pátrún isteach.

Ní mar an gcéanna a bheidh na himthosca i leith gach réadmhaoine, agus beidh sé riachtanach aird a thabhairt air sin sa chomhaontú léasaithe.

Beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar stádas úinéir na réadmhaoine/stádas an iontaobhais ar leis an scoil agus ar na forálacha ábhartha atá i Meabhrán Comhlachais agus in Airteagail Chomhlachais an iontaobhais.

Beidh sé riachtanach cloí le forálacha ábhartha an Dlí Carthanas; tá tuilleadh faisnéise ar fáil ón Rialálaí Carthanas ina leith sin. Is ar bhealaí difriúla a oibríonn iontaobhais deoise. Mar shampla, sealbhaíonn roinnt díobh réadmhaoín ar iontaobhas don pharóiste. I gcásanna den sórt sin, is féidir go mbeidh aon fháltais a bhaineann leis an réadmhaoín le húsáid chun tairbhe don pharóiste. Beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar na himthosca ar leith a bhaineann le húnéir na réadmhaoine agus lena réadmhaoine.

### **Méid Cíosleasaithe**

Ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas agus an méid cíosa cuí á phlé:

- Tar éis aistriú pátrúnachta, leanfar leis an áitreabh scoile a úsáid mar scoil chun tairbhe do leanaí áitiúla
- Bainfidh an réadmhaoín tairbhe as infheistíocht leanúnach Stáit san áitreabh a chothabháil nó a fheabhsú
- Is féidir gur bhain an réadmhaoín tairbhe as infheistíocht chaipitil Stáit san am atá thart
- Is féidir go mbíonn cistiú agus infheistíocht á soláthar ag an Roinn do roinnt scoileanna atá faoin úinéireacht chéanna agus go leanfaidh sí le déanamh amhlaidh
- Beidh rogha ann go fóill acmhainn a mhéadú sna scoileanna Caitliceacha atá fágtha sa limistéar, faoi réir na staidéir déimeagrafaí agus an éilimh.

Soláthróidh an Roinn na hacmhainní seo a leanas:

- An costas cíosa ceadaithe (a chinnfear bunaithe ar na tosca thuas. Íocfaidh an pátrún isteach an costas cíosa ceadaithe le húnéir na réadmhaoine mar chuid den socrú léasaithe agus aisíocfaidh an Roinn an costas sin leis an bpátrún isteach)
- Aisíocfaidh an pátrún isteach an phréimh árachais foirgneamh le húnéir na réadmhaoine mar chuid den socrú léasaithe (agus aisíocfaidh an Roinn an costas sin leis an bpátrún isteach)
- Déanfaidh an Roinn ranníocaíocht réasúnach i leith na gcostas dlíthiúil dearbhaithe riachtanach a thabhaigh an pátrún amach agus an comhaontú dlíthiúil a bhí riachtanach chun leasanna an Aire sa réadmhaoín a áirithiú á chur i bhfeidhm aige
- Tá acmhainn éascaithe á soláthar ag an Roinn chun tacú le pátrúin sna comhairliúcháin áitiúla as a dtiocfaidh athchumrú sna limistéir phíolótacha.

Mar gheall ar an úsáid oideachasúil a bhainfear as an réadmhaoín agus ar an infheistíocht a dhéanfaidh an tAire, ní bheadh sé cuí an méid cíosa a shocrú bunaithe ar chíos tráchtála incomparáide. Mar sin féin, comhaontófar cíos réasúnach leis an úinéir dlíthiúil, agus aird á tabhairt ar na tosca réamhluaite agus ar na himthosca ar leith. Beidh ar an Roinn Oideachais an méid cíosa a cheadú.

### **Téarmaí atá le cur ar áireamh sa Léas**

- Ba cheart léas 40 bliain a chur i bhfeidhm, rud atá ag teacht leis an Léas Scoile Nua. <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/eb2141-none/#bainistíocht-agus-rialu-scoileanna>
- I gcás gur féidir déanamh amhlaidh, ba cheart coinníoll a chur ar áireamh sa léas le haghaidh téarma an léasa a fhadú i gcás go measfaidh an Roinn Oideachais agus/nó

an pátrún isteach é sin a bheith riachtanach amach anseo le haghaidh aon infheistíochta caipitil suntasaí san fhoirgneamh scoile.

- I gcás gur féidir déanamh amhlaidh, ba cheart coinníoll a chur ar áireamh sa léas lena dtabharfar rogha an chéad diúltaithe don phátrún isteach/don Roinn Oideachais chun an réadmhaoín scoile a cheannach i gcás go gcinneadh an t-úinéir fáil réidh leis an réadmhaoín amach anseo.
- I gcás díospóide, ba cheart foráil le haghaidh eadrána a dhéanamh i dtéarmaí an léasa.

## **B. I gcás go mbeidh an réadmhaoín scoile faoi úinéireacht ag an Aire Oideachais:**

I gcás go mbeidh an réadmhaoín faoi úinéireacht ag an Aire, ceanglófar ar an bpátrún isteach léas 40 bliain a dhéanamh leis an Aire. Is é formáid an léasa sin ná an Léas Scoile Nua, mar atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

<https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/eb2141-none/#bainistiocht-agus-rialu-scoileanna>

## **Léasanna a bhaineann le Boird Oideachais agus Oiliúna**

I gcás léasanna a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna ina pháirtí iontu, ní mór ceadú an Aire Oideachais a lorg chun go bhféadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna léas a dhéanamh, mar a cheanglaítear faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus faoi na nósanna imeachta rialachais atá i bhfeidhm idir an Roinn agus Boird Oideachais agus Oiliúna.

### **iii) Slánaíochtaí/Árachas**

Beidh ar an bpátrún amach agus ar an bpátrún isteach socruithe oiriúnacha slánaíochta/árachais a chomhaontú chun a chinntiú go mbeidh soiléire ann maidir le ceanglais an dá pháirtí. Is féidir go mbeidh sé riachtanach na socruithe sin a léiriú i léas na réadmhaoine, nuair is cuí.

Ba cheart don phátrún isteach/don bhord bainistíochta isteach a chinntiú go gcuirfeair polasaithe cuí árachais – amhail árachas inneachair, árachas dliteanais fostóra, árachas dliteanais phoiblí agus, nuair is cuí, árachas foirgneamh – i bhfeidhm, ar polasaithe iad a mbeidh éifeacht leo ó dháta an aistrithe. Ba cheart don phátrún isteach/don bhord bainistíochta isteach na polasaithe sin a chur ar fáil don phátrún amach/d'úinéir na réadmhaoine scoile, i gcás go n-iarrfar air déanamh amhlaidh.

Nuair is cuí, ba cheart d'úinéir na réadmhaoine cumhdach cuí árachais foirgneamh a chur i bhfeidhm agus a choinneáil don réadmhaoín. Is féidir go n-aisíocfaidh an pátrún isteach an phréimh le húnéir na réadmhaoine mar chuid den socrú léasaithe.

### **iv) Úsáid an Fhoirgnimh Scoile/na Réadmhaoine Scoile ag Tríú Páirtithe**

Ba cheart don phátrún amach mionsonraí a thabhairt faoi aon chomhaontuithe atá i bhfeidhm le haon tríú páirtithe i ndáil le húsáid na réadmhaoine scoile, mar shampla úsáid na réadmhaoine ag soláthraithe réamhscoile, ag grúpaí pobail, etc. Ba cheart aon chomhaontú léasa/ceadúnais ina leith sin a sholáthar don phátrún isteach. Tá an cur chuige

atá le glacadh i leith aon socrúithe den sórt sin atá ann cheana ar cheann amháin de na míreanna atá le comhaontú ag an bpátrún amach agus ag an bpátrún isteach.

Is faoin bpátrún isteach atá sé aon socrúithe nua a chur i bhfeidhm le tríú páirtithe, fad a chloífidh sé le haon téarmaí ábhartha atá sa léas agus a gheobhaidh sé toiliú úinéir na réadmhaoine, i gcás go gceanglófar air déanamh amhlaidh faoin léas. Maidir le haon socrú a chuirfear i bhfeidhm le haghaidh úsáid saoráidí scoile ag tríú páirtithe, ba cheart coinníoll a chur ar áireamh ann á rá go scoirfear den chomhaontú leis an tríú páirtí i gcás go mbeidh na saoráidí ag teastáil don soláthar oideachais.

Sna “*Treoirínte maidir le foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d’uaireanta scoile*”, ar fhoilsigh an Roinn Oideachais iad sa bhliain 2017, tugtar treoir do scoileanna maidir lena socrúithe reatha le haghaidh foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d’uaireanta scoile agus do na scoileanna sin atá ag smaoineamh faoi shocrúithe den sórt sin a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm leis na treoirínte freisin scoileanna a chur ar an eolas faoi na cineálacha saincheisteanna ba cheart a bhreithniú nuair atá scoil ag iarraidh a saoráidí a chur ar fáil lasmuigh d’uaireanta scoile.

#### v) Leasanna an Aire a fhuascailt/Leasanna an Aire a áirithiú

Is féidir go mbeidh fuascailt/áirithiú leasanna an Aire ábhartha i gcásanna áirithe. Má bhíonn aon cheisteanna ag pátrún scoile ina leith sin, a mhéid a bhaineann le réadmhaoin scoile, ba cheart dó teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg um Fháil Láithreán agus Bainistíocht Réadmhaoine sa Roinn trí ríomhphost a sheoladh chuig [schoolproperty@education.gov.ie](mailto:schoolproperty@education.gov.ie).

Nuair is cuí, agus i gcás go ndéanfaidh an tAire infheistíocht chaipitil shuntasach i réadmhaoin sula rachaidh an pátrún isteach i mbun oibriú na scoile nó ina dhiaidh sin, déanfar breithniú ar leasanna an Aire a áirithiú trí chomhaontú dlíthiúil cuí a dhéanamh idir an tAire agus úinéir na réadmhaoine.

Ar mhaithe leis an ualach airgeadais ar an bpátrún amach a íoslaghdú, is féidir go ndéanfaidh an Roinn ranníocaíocht i leith na gcostas dlíthiúil dearbhaithe riachtanach a thabhaigh an pátrún amach agus an comhaontú thuas á chur i bhfeidhm aige.

### 1(b) Airgeadas Scoile/Cuntais Bhainc Scoile

Le halt 18 den Acht Oideachais, 1998, foráiltear go gcoimeádfaidh bord bainistíochta scoile cuntais ar an ioncam agus ar an gcaiteachas uile agus cuirtear oibleagáid ar an mbord a chinntiú go ndéanfar na cuntais a iniúchadh nó a dheimhniú de réir an chleachtas chuntasáochta is fearr. Foráiltear leis an alt sin freisin nach mór don bhord na cuntais a bhaineann le cistiú Stáit agus le cistiú eile a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí mhic léinn na scoile.

Beidh ar an bpátrún amach agus ar an bpátrún isteach dícheall cuí a dhéanamh ar nithe a bhaineann le hairgeadas scoile, le hioncam agus caiteachas agus le cuntais bhainc, lena n-áirítear aon fhiachas, aon dliteanais, etc., agus ba cheart dóibh teacht ar chomhaontú ina leith sin.

Ba cheart dícheall cuí a dhéanamh freisin ar na nithe seo a leanas atá le soláthar don phátrún isteach/don bhord isteach:

- Cuntais bhliantúla scoile do na sé bliana seo a chuaigh thart

- Conarthaí fostaíochta do gach fostaí de chuid an bhoird, lena n-áirítear iad sin atá ar saoire
- Conarthaí atá i bhfeidhm le soláthraithe seirbhíse, amhail cuideachtaí glantacháin agus conarthaí lónadóireachta
- Mionsonraí faoi aon chásanna dlíthiúla nó aon saincheisteanna sásaimh atá ar siúl agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpátrún nua
- Mionsonraí faoi aon chásanna dlíthiúla nó aon saincheisteanna sásaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpátrún nua
- Mionsonraí faoi aon chomhaontuithe dlíthiúla atá i bhfeidhm le tríú páirtithe amhail réamhscoileanna nó iarscoileanna atá lonnaithe sa scoil agus faoi aon chomhaontuithe ceadúnais atá i bhfeidhm
- Mionsonraí faoi aon iasachtaí/aon saoráidí rótharraingthe a thóg an bord amach

Ba cheart don phátrún amach a chinntiú go ndéanfar gach sócmhainn de chuid an bhoird bhainistíochta a choinneáil agus a chaomhnú chun tairbhe do bhord bainistíochta an phátrúin isteach.

Ba cheart don phátrún amach a chinntiú go socróidh na comhaltaí dá bhord bainistíochta go leasófaí an sainordú bainc do chuntas bainc na scoile ar cibé modh a ordóidh an pátrún isteach (agus/nó a bhord bainistíochta) chun go bhféadfaidh na comhaltaí nua den bhord bainistíochta a gceapfaidh an pátrún isteach nó oifigigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna iad áit na gcomhaltaí amach den bhord bainistíochta a ghlacadh mar shínitheoirí údaraithe ar an sainordú bainc, nuair is infheidhme.

Ba cheart gach fiachas agus éileamh a thabhoídh an pátrún amach nó a bhord bainistíochta le linn pátrúnacht/bainistíocht a dhéanamh ar an scoil, nó i ndáil le pátrúnacht/bainistíocht a dhéanamh ar an scoil, a ghlanadh ar bhealach tráthúil roimh an aistriú pátrúnachta. Ba cheart na creidiúnaithe agus na fabhruithe uile a shuí chun a chinntiú go mbeidh cistí dóthanacha ann chun iad a chumhdach.

Sa tréimhse roimh an aistriú pátrúnachta, níor cheart aon chonarthaí de chuid an bhoird bhainistíochta a chealú nó a athrú gan réamhthoilíú scríofa an phátrúin isteach.

I gcás, tar éis an t-aistriú pátrúnachta a dhéanamh, go n-aistreoidh tríú páirtí aon chistí chuig an bpátrún amach nó chuig a bhord bainistíochta, nó go dtabharfaidh tríú páirtí aon chistí mar shíntiús don phátrún amach nó dá bhord bainistíochta, i leith pátrúnacht/bainistíocht a dhéanamh ar an scoil, ba cheart socruithe a dhéanamh chun na cistí sin a aistriú chuig cuntas an phátrúin/an bhoird bhainistíochta/na scoile isteach, de réir mar is cuí.

Ar mhaithe le haistriú réidh a chinntiú, ba cheart do na pátrúin a chinntiú go n-eagrófar cruinniú aistrithe idir an bord bainistíochta amach agus an bord bainistíochta isteach, ar lena linn a sholáthrófar doiciméad agus seicliosta aistrithe ina léireofar na nithe praiticiúla uile atá curtha i gcrích ag an mbord amach.

### Cistí sa chuntas bainc

Táthar ag súil leis go ndéanfaí an cistiú ar fad atá i gcuntas bainc na scoile, nó formhór mór an chistiúcháin sin, a choinneáil chun tairbhe leanúnach na scoile tar éis aistriú pátrúnachta, ach amháin i gcás go mbeidh cúiseanna an-soiléir an-sonrach ann le gan déanamh amhlaidh.



- Coinneoidh an scoil aon chistiú Stáit, agus gach cistiú Stáit, a soláthraíodh don scoil/do na mic léinn nó, nuair is infheidhme, aistreofar chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna é.
- Beidh ar an bpátrún amach agus ar an bpátrún isteach breithniú a dhéanamh ar an staid i dtaca le hiarmhéid aon chistiúcháin a cruinníodh go háitiúil. Beidh an cur chuige cuí ina leith sin ag brath ar thosca amhail an chríoch ar chuici a seoladh an cruinniú airgid. Ba ghá aon chruinniú airgid a seoladh chun críche ar leith a chaitheamh ar an gcríoch ar leith sin agus is féidir nach mbeidh an chríoch sin riachtanach/cuí faoi phátrún nua.  
Is féidir go mbeidh ceadú ón Rialálaí Carthanas ag teastáil má tá sé beartaithe cistí a úsáid chun críche nach ionann í agus an chríoch ar chuici a cruinníodh iad. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifig an Rialálaí Carthanas trí ríomhphost a sheoladh chuig [info@charitiesregulator.ie](mailto:info@charitiesregulator.ie) nó trí ghlaó a chur ar 01 2118600.

### Tuairisciú don Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais sa Roinn

Is gá an fhaisnéis airgeadais scoile ar fad a choinneáil do na sé bliana seo a chuaigh thart agus don bhliain reatha. Má aistríonn scoil chuig earnáil eile, mar shampla chun a éirí ina Pobalscoil Náisiúnta de chuid Boird Oideachais agus Oiliúna, ba cheart don scoil sin tuairisciú don Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais suas go dáta an aistrithe chun críocha na gcuntas deireadh bliana.

Tá an tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais ina fhoinsé thábhachtach comhairle agus tacaíochta do phearsanra bainistíochta agus airgeadais scoile maidir le nithe rialachais airgeadais. Is féidir ceistanna a bhaineann leis na socruithe airgeadais le haghaidh Aistriú Pátrúnachta a sheoladh chuig an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais trí na seoltaí ríomhphoist seo a leanas a úsáid: [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie), i gcás bunscoileanna; agus [info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie), i gcás iar-bhunscoileanna.

### 1(c) An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Agus leabhair agus taifid chuí ábhartha a bhaineann le tionacht an phátrúin amach mar phátrún, aon taifid ar ceanglaíodh le dlí ar an bpátrún amach (ina cháil mar phátrún scoile) iad a choinneáil agus aon leabhair agus taifid ábhartha de chuid an bhoird bhainistíochta amach maidir le bainistíocht na scoile á gcur ar fáil aige don phátrún isteach, ba cheart don phátrún amach agus don phátrún isteach agus do na boird bhainistíochta ábhartha cloí le gach dlí cosanta sonraí, lena n-áirítear bonn dleathach soiléir a bheith ann le haghaidh sonraí pearsanta a chomhroinnt agus a fháil.

Ba cheart do na páirtithe beartais chuí chosanta sonraí agus nósanna imeachta cuí cosanta sonraí a bheith i bhfeidhm acu maidir le bailiú, úsáid, stóráil, coinneáil agus slándáil sonraí pearsanta.

## 2. An Bord Bainistíochta

### i) Comhairliúchán maidir leis an Dlí Fostaíochta agus Fógra do Gach Ball Foirne

I gcás go ndéanfar an t-aistriú pátrúnachta chuig Bord Oideachais agus Oiliúna agus go ndéanfar Pobalscoil Náisiúnta den scoil, cuirfear athrú fostóra i gcrích. Mar fhostóir amach, ceanglófar ar an mbord bainistíochta amach comhlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais chomhairliúcháin agus faisnéise atá air i leith baill foirne, mar a fhorchuirtear le [Rialacháin na gComhphobal Eorpach \(Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú\), 2003](#).

Foráiltear le halt 8 de na Rialacháin go soláthrófar faisnéis do bhaill foirne 30 lá ar a laghad roimh an aistriú a dhéanamh, nuair is indéanta le réasún, agus, in aon chás, tamall maith roimh an aistriú a dhéanamh. Áireofar leis an bhfaisnéis sin dáta beartaithe an aistrithe, na cúiseanna leis an aistriú, na himpleachtaí dlíthiúla a bheidh ag an aistriú do na fostaithe agus achoimre ar aon impleachtaí ábhartha eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh ag an aistriú do na fostaithe agus ar aon bhearta a bheartaítear a dhéanamh i leith na bhfostaithe.

Leagfar ceanglais den chineál céanna ar an bhfostóir isteach.

Ceanglaítear faisnéis agus comhchomhairle a sholáthar ar shaincheisteanna a dhéanann dífeor díreach do bhaill foirne faoin [Acht um Fhostaithe \(Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar\) 2006](#) freisin.

### ii) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is faoi shainchúram an Aire Dlí agus Cirt a thagann an reachtaíocht grinnfhiosrúcháin agus na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin atá ar bun ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Nuair a tosaíodh na ceanglais ghrinnfhiosrúcháin i mí Aibreáin 2016, d'eisigh an Roinn Oideachais Ciorclán 0031/2016, inar leagadh amach na ceanglais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla is infheidhme maidir le scoileanna agus na socrúithe praiticiúla atá i bhfeidhm chun tacú leis na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin.

D'fhoilsigh an Roinn doiciméad Ceisteanna Coitianta freisin chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag scoileanna maidir leis an gCiorclán.

Is féidir Ciorclán 0031/2016 agus an doiciméad gaolmhar Ceisteanna Coitianta a rochtain ag an nasc seo a leanas:

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/6349c0bdbbc84d51910bcf73b217c2b0/>

Mar atá leagtha amach i gCiorclán 0031/2016, is amhlaidh, le halt 12 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, go gcuirtear oibleagáidí reachtúla ar údarás scoile nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, ach amháin in imthosca teoranta áirithe, sula bhfostóidh siad aon duine, sula ndéanfaidh siad conradh le haon duine, sula dtabharfaidh siad cead d'aon duine nó sula ndéanfaidh siad aon duine a shuíomh chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí le leanaí nó daoine soghonta.

Tá sé de fhreagracht ar gach údarás scoile é féin a shásamh gur comhlíon sé aon oibleagáidí grinnfhiosrúcháin a tháinig chun cinn faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta



Grinnfhiosrúcháin agus go bhfuil na mórósanna imeachta agus na mórshceicéilacha earcaíochta cuí riachtanacha uile i bhfeidhm aige.

I gcás go mbeidh scoil ag aistriú chuig eintiteas eile agus go mbeidh athrú fostóra i gceist leis an aistriú, mar shampla aistriú pátrúnachta scoile ó phátrún sainchreidmheach chuig Bord Oideachais agus Oiliúna, beidh ábharthacht ar leith ag baint leis an gceanglas sin toisc go mbeidh an Bord Oideachais agus Oiliúna mar fhostóir nua ag na baill foirne.

Tá tuilleadh faisnéise faoi cheanglais ghrinnfhiosrúcháin leagtha amach i Rannán 8.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.

<https://www.gov.ie/ga/foilsiuichan/nosanna-imeachta-um-chosaint-leanai-do-bhunscoileanna-agus-iar-bhunscoileanna-2017/>

### iii) Aistriú daltaí a éascú

Cé go samhlaítear go bhfanfaidh daltaí sa scoil tar éis aistriú pátrúnachta a dhéanamh, is féidir, i gcás go mbeidh athrú éitis i gceist leis an aistriú, go mbeidh roinnt tuismitheoirí ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar a leanaí a athrollú isteach i scoil a bhfuil éiteas sainchreidmheach aici. Is féidir freisin go mbeidh tuismitheoirí le leanaí i scoileanna sainchreidmheacha eile sa limistéar ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar a leanaí a athrollú isteach sa scoil atá ag aistriú chuig éiteas il-sainchreidmheach.

Ba cheart do phátrúin/do bhoird iarrachtaí a dhéanamh freastal ar iarrataí den sórt sin, nuair is féidir, agus an méid sin a dhéanamh de réir a mbeartas i dtaca le ligean isteach.

Ní mór gach dalta a ligean isteach de réir na mbeartas i dtaca le ligean isteach atá i bhfeidhm ag na scoileanna ábhartha, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018. Mar chuid den fhaisnéis a chuirfear ar fáil do thuismitheoirí, ba cheart breac-chuntas a thabhairt ar na roghanna atá ar fáil maidir le hiarratas a dhéanamh ar rollú i scoil eile.

Is ar údarás bainistíochta gach scoile atá an fhreagracht as beartas rollaithe a chur chun feidhme de réir an Achta Oideachais, 1998, agus de réir an Achta Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018. Leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), ceanglaítear ar scoileanna a gcríteir roghnúcháin a leagan amach go soiléir ina mbeartais i dtaca le ligean isteach.

Ceann amháin de phríomhcheanglais an Achta is ea gur cothrom agus trédhearcach a bheadh gach beartas i dtaca le ligean isteach scoile. Is éard is gá a bheith sa bheartas i dtaca le ligean isteach ná na nósanna imeachta le haghaidh ligean isteach mac léinn nach bhfuil ligthe isteach sa scoil cheana féin do bhlianta seachas an chéad bhliain agus le haghaidh ligean isteach mac léinn tar éis thús na scoilbhliana dá bhfuil ligean isteach á lorg.

Tá lánrogha ag scoileanna i ndáil leis na critéir um ligean isteach a úsáidfidh siad agus i ndáil leis an dóigh a gcuirfidh siad na critéir sin i bhfeidhm. I scoileanna inar mó an líon iarratasóirí ná an líon áiteanna atá ar fáil, áfach, beidh sé riachtanach próiseas roghnúcháin a sheoladh. Ní mór an próiseas roghnúcháin sin agus an beartas rollaithe ar a bhfuil sé bunaithe a bheith neamh-idirdhealaitheach ar fhorais shonraithe agus ní mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom i leith gach iarratasóra. Is féidir, áfach, nach ngnóthóidh daltaí áirithe áit sa scoil dá gcéad rogha dá bharr sin.

Is ar fáil ag an nasc seo a leanas atá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas nua um ligean isteach scoile, rud a bhfuil feidhm aige maidir le ligean isteach don scoilbhliain 2021/22 ar aghaidh: <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/e36264-none/#claruiontralacha-scoile>

### 3. Socruithe le haghaidh Baill Foirne Scoile

#### i) Tacaí do Bhaill Foirne agus do Bhoird Bhainistíochta roimh an aistriú agus ina dhiaidh

Is próiseas bunathraitheach é aistriú pátrúnachta scoile, rud a bhfuil athruithe cultúrtha agus athruithe córasacha ar an saol scoile i gceist leis.

Tríd an bpróiseas, déanann scoileanna an t-éiteas sainchreidmheach atá acu cheana a bhunathrú ina éiteas il-sainchreidmheach. Is féidir go mbeidh athruithe ann ar nósanna imeachta rialachais scoile freisin. Agus pátrúnacht scoile á haistriú, teastaíonn am, forbairt ghairmiúil agus teagmháil fhiúntach ón bpobal scoile, le tacaíocht dhíreach ón bpátrún.

Is iad pátrúin a reáchtálann gach scoil in Éirinn. Tá pátrúin freagrach as éiteas a scoileanna a bhunú. I gcás go n-aistreoidh scoil pátrúnacht, glacfaidh an pátrún nua ceannas ar reáchtáil na scoile agus tacóidh sé leis an bpobal scoile éiteas il-sainchreidmheach a bhunú.

#### ii) Múinteoirí – fostóir

Fostóir na mball foirne teagaisc i mbunscoileanna sainchreidmheacha is ea bord bainistíochta na scoile. Íocann an Roinn Oideachais a dtuarastail go díreach.

I gcás go n-athróidh scoil pátrúnacht, leanfaidh príomhoide agus baill foirne teagaisc na scoile orthu ag obair sa scoil tar éis an t-aistriú pátrúnachta a dhéanamh agus ní bheidh aon athrú ann ar phá ná ar choinníollacha ginearálta fostaíochta.

Is é beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, ná aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin. Tá an seasamh a bhfuil feidhm aige má tá an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach thíos. Is leagtha amach freisin atá an seasamh a bhfuil feidhm aige mura bhfuil an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Má tá an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna, beidh na múinteoirí fostaithe ansin ag an mBord Oideachais agus Oiliúna sin le héifeacht ó dháta an aistrithe. Leanfaidh an Roinn Oideachais le tuarastail múinteoirí a íoc.

Má tá an pátrún isteach ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, amhail an Foras Pátrúnachta nó Oideachas Le Chéile, leanfaidh na baill foirne teagaisc le bheith fostaithe ag an mbord bainistíochta. Leanfaidh an Roinn Oideachais le tuarastail múinteoirí a íoc.

#### iii) Príomhoidí agus Múinteoirí – ath-implonú

Maidir le príomhoidí agus múinteoirí, tá na socruithe soláthar foirne le haghaidh athchumrú leagtha amach thíos.

Sa chur chuige a ghlactar, tugtar aird ar an bhfíoras gur féidir go mbeidh dáimh ar leith ag baill foirne teagaisc atá fostaithe i scoileanna sainchreidmheacha (reiligiúnacha) faoi láthair le héiteas a scoile agus nach mbeidh siad ag iarraidh leanúint le teagasc sa scoil nuair a bheidh cineál eile éitis aici. Tá an cur chuige sin ceaptha chun cabhrú le múinteoirí den sórt sin leanúint le teagasc i scoil ag a bhfuil an pátrúnacht agus an t-éiteas dá rogha agus, ag

an am céanna, chun bainistíocht a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ann ar oibriú na scoile atá ag aistriú pátrúnachta agus atá ag athrú éitis.

I gcás go mbeidh athchumrú á bhreithniú, beidh sé riachtanach, ar mhaithe le hoibriú éifeachtach na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos, go ndéanfaí na cinntí deiridh maidir le hathchumrú faoin 31 Nollaig den bhliain roimh an athchumrú ar a dhéanaí. Ba cheart gach athchumrú a bheith curtha chun feidhme an 1 Meán Fómhair agus féachfar ar an scoilbhliain roimhe sin mar bhliain 1 den phróiseas.

## Príomhoide<sup>2</sup>

Tá ceannairí scoile freagrach as bainistíocht laethúil na scoile, lena n-áirítear an fhís atá mar threoir ag an scoil a chur in iúl agus comhlíonadh na físe sin a stiúradh i gcomhthéacs spiorad sainiúil na scoile. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh príomhoide na scoile atá ag aistriú pátrúnachta agus atá ag athrú éitis tiomanta don athrú a bhainistiú, a stiúradh agus a idirghabháil chun freagairt do riachtanais athraitheacha na scoile i gcomhthéacs na pátrúnachta agus an éitis nua.

- Maidir le haon phríomhoide atá den tuairim nach bhfuil sé/sí in ann gabháil go hiomlán don phróiseas um athrú a stiúradh i scoil atá ag aistriú pátrúnachta, féadfaidh sé/sí a roghnú go ndéanfaí é/í a ath-implonú go deonach, roimh an aistriú pátrúnachta, chuig scoil ábhartha<sup>3</sup> mar mhúinteoir (seachas mar phríomhoide) tríd an bpríomhphainéal ábhartha.
- Maidir le haon phríomhoide atá ag iarraidh go ndéanfaí é/í a ath-implonú go deonach, ba cheart dó/di an iarraidh sin a dhéanamh roimh an aistriú pátrúnachta agus ar aon dul leis an gcreat ama le haghaidh ath-implonú, mar atá curtha ar áireamh sa doiciméad ‘Socruithe Ath-implonnaithe ar Leibhéal na Bunscoile do Mhúinteoirí Barrachais agus Múinteoirí ar Chonradh Téarma Éiginnte’.
- Cé go mbeidh duine den sórt sin (‘sealbhóir liúntais ar bhonn pearsanta’) i dteideal a liúntas príomhoide a choinneáil, ceanglófar air/uirthe ról ceannaireachta agus bainistíochta a chomhlíonadh sa scoil ghlactha. Ba cheart ról den sórt sin a bheith ag teacht, tríd is tríd, le ról a shanntar do Phríomhoide Cúnta I. Déanfaidh an t-iarphríomhoide an liúntas a sheachlígean i gcás go bhfágfaidh sé/sí an scoil ghlactha go deonach ina dhiaidh sin.
- I gcás go ndéanfar iarphríomhoide a ath-implonú ar an mbealach sin, beidh an éifeacht seo a leanas ann ar fholúntais Phoist Freagrachta ina scoil ghlactha:
  - Príomhoide Cúnta II – cuirfear cosc ar phost Phríomhoide Cúnta II a líonadh. Cuirfear an méid thuas i leataobh má rinneadh an sealbhóir poist ar bhonn pearsanta a ath-implonú isteach sa scoil sa tréimhse cúig bliana sular tháinig an folúntas chun cinn.

---

<sup>2</sup> Tá na socruithe le haghaidh Leas-Phríomhoidí cumhdaithe sa rannán dar teideal “Múinteoirí”.

<sup>3</sup> Ciallaíonn “scoil ábhartha” scoil eile atá faoin bpátrúnacht chéanna le pátrún amach na scoile.

- Beidh deis ag príomhoide ath-implonú a roghnú roimh an aistriú pátrúnachta a dhéanamh, beag beann ar mhéid an leithdháilte teagaisc sa scoil atá ag aistriú pátrúnachta.

## Múinteoirí

### Ath-implonú deonach

- Maidir le múinteoirí atá ag fónamh sa scoil ar dháta an aistrithe pátrúnachta, tabharfar deis dóibh ath-implonú deonach a iarraidh chuig scoil eile trí phríomhphainéal phátrún reatha (amach) na scoile.
- Nuair is gá, glacfar cur chuige céimnithe i leith iarrataí ar ath-implonú, agus teorainn á cur leis an líon múinteoirí a fhéadfaidh aistriú in aon bhliain ar leith. Maidir leo sin a dhéanfaidh iarrataí den sórt sin, déanfar 33% ar a mhéad de chohórt na mball foirne teagaisc (an príomhoide ina measc) a ath-implonú i ngach ceann den chéad trí bliana<sup>4</sup>. Tabharfar an phríomhrogha don phríomhoide agus ansin do bhaill foirne teagaisc de réir sinsearachta. I gcás nach mbeidh ach beirt bhall foirne teagaisc ann i scoil, féadfar plé leis sin ar bhonn cás ar chás, agus aird á tabhairt ar imthosca áitiúla. Ní mór iarratais ar an bpríomhphainéal a dhéanamh de réir na socruithe atá leagtha amach sa chiorclán ábhartha maidir le soláthar foirne agus maidir le hath-implonú don bhliain lena mbaineann.
- Maidir leis an rogha a bheidh ag tuismitheoirí dul ar an bpainéal ábhartha, rachaidh sí in éag dhá bhliain tar éis an t-aistriú pátrúnachta a dhéanamh.
- Maidir le múinteoirí a rinne iarraidh ar ath-implonú agus a bheidh fós sa scoil agus ar feitheamh ath-implonú sa dara bliain agus sa tríú bliain<sup>4</sup>, ceanglófar orthu cloí le ceanglais an chomhlachta pátrúnachta nua i ndáil le seasamh le héiteas na scoile.
- Maidir le múinteoirí a rinne iarraidh ar ath-implonú ar dtús, féadfaidh siad an iarraidh a tharraingt siar ina dhiaidh sin agus diúltú don ath-implonú, más mian leo déanamh amhlaidh.
- I scoileanna ina mbeidh athchumrú céimnithe á dhéanamh (áit a mbeidh aistriú pátrúnachta á dhéanamh agus a dtabharfar an t-éiteas il-sainchreidmheach nua isteach ar bhonn céimnithe le himeacht ama – mar shampla, tabharfar an t-éiteas il-sainchreidmheach isteach i rang na naíonán sóisearach agus coinneofar ar bun é sa rang sin de réir mar a théann na scoilbhlianta thart, i.e., fanfaidh na ranganna atá ann cheana faoi éiteas sainchreidmheach go dtí go bhfágfaidh siad an scoil tar éis rang 6), féadfar ath-implonú múinteoirí a bhainistiú de réir uainiú an athchumraithe chéimnithe. I gcásanna den sórt sin, is féidir go mbeidh feidhm ag scála ama níos faide le haghaidh ath-implonú.
- Cé go mbeidh aon mhúinteoir a dhéanfar a ath-implonú de réir na bhforálacha seo i dteideal aon liúntais Phoist Freagrachta (i.e., liúntais Leas-Phríomhoide, Príomhoide Cúnta I, Príomhoide Cúnta II) a bhí acu ag dáta an aistrithe a choinneáil ar bhonn pearsanta ('sealbhóir liúntais ar bhonn pearsanta'), ceanglófar air/uirthi ról ceannaireachta agus bainistíochta a chomhlíonadh sa scoil ghlactha. Ba

---

<sup>4</sup> Sa doiciméad seo, tagraíonn Bliain 1 don bhliain díreach roimh an aistriú pátrúnachta a dhéanamh. Tagraíonn Bliain 2 agus Bliain 3 don dá bhliain díreach tar éis an t-aistriú pátrúnachta a dhéanamh.

cheart ról den sórt sin a bheith ag teacht, tríd is tríd, le ról a shanntar do Phríomhoide Cúnta II. Déanfaidh an t-iarshealbhóir poist an liúntas a sheachligeán i gcás go bhfágfaidh sé/sí an scoil ghlactha go deonach ina dhiaidh sin.

- Ní chuirfidh sealbhóir poist ar bhonn pearsanta cosc ach ar cheapadh múinteoirí sa scoil ghlactha, de réir rannán 17 de Chiorclán 0044/2019 agus de réir aon leagain nuashonraithe den chiorclán sin.

### Ath-implonú Éigeantach

I gcás go mbeidh baill foirne barrachais ann i leithdháileadh teagaisc na scoile atá ag aistriú pátrúnachta, oibreoidh na socrúithe atá leagtha amach sa doiciméad 'Socrúithe Ath-implonaithe ar Leibhéal na Bunscoile do Mhúinteoirí Barrachais agus Múinteoirí ar Chonradh Téarma Éiginnte' ar an ngnáthbhealach, ach amháin i gcás na nithe seo a leanas:

- Ar feadh tréimhse dhá bhliain ó dháta an aistrithe pátrúnachta, beidh deis ag múinteoirí barrachais a roghnú go gcuirí iad ar phríomhphainéal an phátrúin amach nó ar phríomhphainéal an phátrúin nua.

### iv) Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Fostóir na gcúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna sainchreidmheacha is ea bord bainistíochta na scoile. Íocann an Roinn Oideachais a dtuarastail go díreach.

Is é beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, ná aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin. Tá an seasamh a bhfuil feidhm aige má tá an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach thíos. Is leagtha amach freisin atá an seasamh a bhfuil feidhm aige mura bhfuil an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Má tá an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna, beidh na cúntóirí riachtanas speisialta fostaithe ansin ag an mBord Oideachais agus Oiliúna sin le héifeacht ó dháta an aistrithe pátrúnachta. Leanfaidh an Roinn Oideachais le tuarastail cúntóirí riachtanas speisialta a íoc.

Má tá an pátrún isteach ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, amhail an Foras Pátrúnachta nó Oideachas Le Chéile, leanfaidh na cúntóirí riachtanas speisialta le bheith fostaithe ag an mbord bainistíochta. Leanfaidh an Roinn Oideachais le tuarastail cúntóirí riachtanas speisialta a íoc.

### v) Baill Foirne Choimhdeacha

Fostóir na mball foirne coimhdeach (mar shampla, rúnaithe/glantóirí/airígh) i mbunscoileanna sainchreidmheacha is ea bord bainistíochta na scoile. Íocann na scoileanna a dtuarastail go díreach. Tá rúnaithe/airígh i scoileanna áirithe fostaithe go fóill faoi scéimeanna na bliana 1978, áfach. Is í an Roinn a íocann tuarastail na ndaoine sin.

Is é beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, ná aistriú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna a leathnú agus tús áite a thabhairt don aistriú sin. Tá an seasamh a bhfuil feidhm aige má tá an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach thíos. Is leagtha amach

freisin atá an seasamh a bhfuil feidhm aige mura bhfuil an pátrún isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Má tá an pátrún il-sainchreidmheach isteach ina Bhord Oideachais agus Oiliúna, beidh na baill foirne choimhdeacha fostaithe ansin ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. Ós rud é go bhfuil scálaí pá agus téarmaí agus coinníollacha sonracha i bhfeidhm ag Boird Oideachais agus Oiliúna do bhaill foirne choimhdeacha, agus gur féidir nach ionann na scálaí pá agus na téarmaí agus na coinníollacha sin agus iad sin atá i bhfeidhm ag an scoil, féadfaidh baill foirne choimhdeacha a bhreithniú cé acu atá siad ag iarraidh na téarmaí agus na coinníollacha atá acu cheana a choinneáil nó aistriú chuig na téarmaí agus na coinníollacha atá i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann do bhaill foirne choimhdeacha. I gcás go roghnóidh siad an dara ceann, aistroidh baill foirne choimhdeacha chuig scála pá ábhartha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus chuig na socruithe gaolmhara aoisliúntais, saoire breoiteachta, saoire bliantúla, etc., atá i bhfeidhm aige. Beidh ar gach ball foirne coimhdeach cinneadh a dhéanamh ina leith sin. Is féidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna baill foirne choimhdeacha a chur ar an eolas faoi na socruithe pá agus coinníollacha ábhartha.

Má tá an pátrún isteach ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, amhail an Foras Pátrúnachta nó Oideachas Le Chéile, leanfaidh na baill foirne choimhdeacha le bheith fostaithe ag an mbord bainistíochta agus ní bheidh aon athrú ann mar thoradh díreach ar an aistriú pátrúnachta.

Ní thiocfaidh iomarcaíocht ball foirne coimhdeach chun cinn díreach tar éis aistriú pátrúnachta, tríd is tríd, toisc go leanfaidh an scoil uirthi ag oibriú (agus pátrúnacht dhifriúil agus éiteas difriúil aici) agus go mbeidh fostaíocht na mball foirne coimhdeach fós i bhfeidhm.

### 3. Tuilleadh Faisnéise

i) Suíomhanna Gréasáin ábhartha de chuid soláthraithe oideachais il-sainchreidmhigh

1. **Boird Oideachais agus Oiliúna:** <https://www.etbi.ie/>
2. **Pobalscoileanna Náisiúnta:** <https://cns.ie/changing-school-patronage/>
3. **An Foras Pátrúnachta:** <http://www.foras.ie/en/>
4. **Oideachas Le Chéile:**  
<https://www.educatetogether.ie/Schools/Primary>  
<https://www.educatetogether.ie/Schools/Primary>

ii) Suíomh Gréasáin na Roinne

i) **Beartas Rollaithe**

<https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/e36264-none/>

ii) **An Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bunscoile**

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/595fb1-none/>

iii) **Bunoideachas**

<https://www.gov.ie/ga/polasai/oideachas-in-eirinn/>

iv) **Tuarascálacha Staidrimh**

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/staitistici-oideachais/>

iii) Faisnéis a bhaineann leis an Daonáireamh

**Sonraí Daonáirimh a bhaineann le Bunscoileanna**

<https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/23077b-none/>



## ➤ Aguisín A

### Liosta de na haistrithe bunscoileanna príomhshrutha a rinneadh cheana féin

Uimh. Rolla	Ainm na Scoile	Seoladh	Iar-Phátrún	Pátrún Nua	Éiteas	An Dáta a Athraíodh Pátrún	Teanga
17365L	Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle	Cill Airne, Co. Chiarraí, V93 WD82	Easpag Chiarraí	KETB	II-sc	Meán Fómhair 2017	Béarla
16817P	Pobalscoil Náisiúnta Bhaile na mBreatnach	Baile na mBreatnach, Co. Chill Dara	Ardeaspag Bhaile Átha Cliath	KWETB	II-sc	Meán Fómhair 2018	Béarla
18391R	Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde	Fochaird, Dún Dealgan, Co. Lú	Ardeaspag Ard Mhacha	LMETB	II-sc	Meán Fómhair 2018	Béarla
13999J	Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach	An tAbhallort, Guaire, Co. Loch Garman, Y25HT63	Easpag Eaglais na hÉireann ar an gCaiseal, ar Fhearna agus ar Osraí	WWETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
20462D	Pobalscoil Náisiúnta Chuan na Gaillimhe	An Coimín Mór, Bóthar na Ceapaí, Cnoc na Cathrach, Gaillimh, H91 Y38E	Lifeways Ireland CLG	GRETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
20312H	Pobalscoil Náisiúnta Choill na Ráithíní	Bóthar na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir, V94RW32	Lifeways Ireland CLG	LCETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
20313J	Pobalscoil Náisiúnta 'Mol an Óige'	Inis Díomáin, Co. an Chláir, V95 D372	Lifeways Ireland CLG	LCETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
18272J	Pobalscoil Náisiúnta na Leithcheathrún	An Leithcheathrú, Co. Ros Comáin, F42HC83	Easpag Ail Finn	GRETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
05348S	Pobalscoil Náisiúnta Thathuile	Tathuile, An tSnaidhm, Co. Chiarraí	Easpag Chiarraí	KETB	II-sc	Iúil 2019	Béarla
08147A	Scoil an Ghleanna (PSN)	Baile an Sceilg, Cill Airne, Co. Chiarraí	Easpag Chiarraí	KETB	II-sc	Lúnasa 2019	Gaeilge

19582G	Pobalscoil Náisiúnta Thamhlachta	Ascaill Choill an Chláir, Ráth Miontáin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Ardeaspag Eaglais na hÉireann ar Bhaile Átha Cliath agus ar Ghleann dá Loch	DDLETB	Il-sc	Meitheamh 2020	Béarla
19872P	Scoil Chaitlín Maude	Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Ardeaspag Bhaile Átha Cliath	AFP	*	Márta 2021	Gaeilge
16344V	Scoil Náisiúnta Shóisearach Mhuire do Bhuachaillí	An tAonach, Co. Thiobraid Árann	Easpag Chill Dalua	TETB	Il-sc	Meán Fómhair 2022	Béarla

Il-sc = Il-sainchreidmheach. PSN = Pobalscoil Náisiúnta. AFP = An Foras Pátrúnachta

\* Ó mhí Mheán Fómhair 2021, tá an scoil seo ag tabhairt deis do thuismitheoirí Clár Eitice agus Moráltachta nó clár Caitliceach a roghnú dá naionáin shóisearacha.